AGUISÍN 3 Cineálacha Mí-Úsáide ar Leanaí

Ciallaíonn 'leanbh' nó 'páiste' sna sainmhínithe thíos 'duine faoi bhun 18 bliain d'aois nach bhfuil pósta ná nár phós riamh'.

IMNÍ LEASA

Fadhb a fhulaingíonn an leanbh, nó teaghlach an linbh, a bhfuil tionchar diúltach aige ar leas nó ar fhorbairt an linbh, a bhíonn ina údar measúnachta nó tacaíochta. (Child Protection and Welfare Practise Handbook, 2011)

DÉANTAR MÍ-ÚSÁID LEANAÍ A RANGÚ FAOI CEITHRE CHATAGÓIR:

- Faillí
- Mí-úsáid mhothúcháin
- Mí-úsáid chorpartha
- Mí-úsáid ghnéasach

D'fhéadfadh níos mó ná gné amháin mí-úsáide a bheith á fhulaingt ag duine óg ag am ar bith. Ó thaobh deachleachtais de, is ceart i cónaí aitheantas agus aird a thabhairt ar Chearta an Duine Óig i ngach gné d'obair na hEagraíochta.

FAILLÍ

Tarlaíonn faillí nuair nach bhfaigheann leanbh cúram ná maoirseacht sách oiriúnach agus go ndéantar dochar fisiciúil nó forbartha don pháiste dá bharr. Sainmhínítear é de ghnáth i dtéarmaí easpa cúraim, nuair a chuirtear bac ar fholláine, ar fhorbairt nó ar leas an linbh, de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúram leighis, spreagadh intleachta agus sábháilteachta. D'fhéadfadh mí-úsáid mothúchánach tarlú freisin mura mbíonn an duine fásta/na daoine fásta a bhíonn ag tabhairt aire do leanbh feasach ar, ná ábalta freastal ar riachtanais mhothúchánacha ná forbartha an linbh.

MÍ-ÚSÁID MHOTHÚCHÁIN

Tugtar díothacht mhothúcháin ar mhí-chóireáil chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch linbh a tharlódh mar chuid den ghaol iomlán idir an cúramóir agus an páiste. Tarlaíonn an mhí-chóireáil nuair a dhéantar faillí ar riachtanais bhunúsacha an linbh - aird, cion, dea-mheas, seasmhacht agus diongbháilteacht - toisc éagumas nó neamhshuim an chúramóra. Tarlaíonn sé freisin nuair atá daoine fásta a bhfuil cúram leanaí air/uirthi neamhbhraiteach nó neamhinniúil (ar chúiseanna éagsúla) riachtanais mhothúchánacha agus forbartha an linbh a chomhlíonadh.

MÍ-ÚSÁID CHORPARTHA

Is ionann an mhí-úsáid chorpartha agus díobháil cholanda a dhéanamh do leanbh d'aon toil nó leanbh a chur i mbaol a bheith gortaithe go colanda. D'fhéadfadh teagmhas amháin a bheith i gceist anseo nó patrún teagmhais. Bheadh imní réasúnta i gceist dá bhféadfadh sé gur déanadh, nó go ndéanfaí, díobháil do shláinte agus/nó d'fhorbairt an linbh de bharr iompar a chruthódh amhras faoi mhí-úsáid chorpartha.

MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh chun críche a shásaimh nó a ghríosaithe gnéasach féin, nó sásamh nó gríosú gnéasach duine/daoine eile. Áirítear rannpháirtíocht an linbh in gníomhaíochtaí gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó tríd an bpornagrafaíocht.